Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16765/25**

**FISC 369**
**ECOFIN 1733**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Nollaig 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16029/25 |
| Ábhar: | An dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Danmhairge<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Danmhairge, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4143ú cruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Danmhairge**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo:

1. AITHNÍONN SÍ tionchar dearfach an Chóid Iompair agus iarrachtaí na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a mhaolú, lena rannchuidítear le córais chánach fhabhracha a laghdú san Aontas agus ar fud an domhain;

2. DEARBHAÍONN SÍ GUR MÓR AICI iarrachtaí na Meithle maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Chód Iompair (Cánachas Gnó) a chur chun cinn agus MOLANN SÍ don Mheitheal leanúint dá cuid oibre luachmhaire;

3. FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 16028/25;

4. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar éifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta, den rolladh siar a chur chun feidhme agus d'fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair;

5. IS MÓR AICI an obair a dhéantar chun cur chun feidhme éifeachtúil an Chóid Iompair a neartú i mBallstáit an Aontais; FORMHUINÍONN SÍ an Treoraíocht maidir le rolladh siar agus marthanú a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an tuarascáil;

6. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair san athbhreithniú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Dheireadh Fómhair 2025; MOLANN SÍ don Mheitheal idirphlé éifeachtach a choinneáil ar bun leis na dlínsí, agus leanúint d'fhaireachán agus scagadh a dhéanamh chun tacú lena gcomhlíontacht le critéir liostaithe an Aontais agus le comhlíonadh na ngealltanas laistigh den sprioc-am a comhaontaíodh;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí chun a gcórais maidir le díolúine ioncaim foinse eachtraí a athchóiriú; AITHNÍONN SÍ an faireachán leanúnach a dhéanann an Mheitheal ar dhlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil chun ceanglais maidir le substaintí eacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach i gcás cuideachtaí agus eintitis eile a thagann faoi raon feidhme chritéar 2.2;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh maidir le forléargas ar na bearta cosanta cánach a bheith á gcur chun feidhme ag na Ballstáit i leith dlínsí a liostaítear agus an toradh a bhí ar an gcéad chleachtadh faireacháin bliantúil; TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS Í BUÍOCH DÁ RÉIR staid na himeartha is déanaí maidir le cur chun feidhme Threoraíocht 2019 i ndáil le bearta cosanta cánach a leagtar amach in IARSCRÍBHINN II a ghabhann leis an tuarascáil; MOLANN SÍ obair leanúnach na Meithle maidir le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart cosanta i leith dlínsí a liostaítear;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta a bhaineann le húinéireacht thairbhiúil agus, a luaithe is féidir dul chun cinn a dhéanamh, leanúint de na hiarrachtaí chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar trédhearcachta;

10. IARANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar na táscairí iomchuí roghnúcháin le haghaidh modhnuithe a dhéanfar amach anseo ar raon feidhme geografach liosta an Aontais;

11. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Cipire.